2025/718

27.6.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/718 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Aibreán 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ([2]) agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ([3]).

(2) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 tá teorainnluachanna rianéilleán neamhbheartaithe (RÉNB) le haghaidh aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthach (PFOS).

(3) Ba é PFOS an chéad chomhdhúil sárfhluarailcile agus pholafluarailcile a rialaíodh san Aontas, agus socraíodh na teorainnluachanna RÉNB i bhfad ó shin. Le déanaí, áiríodh grúpa comhchosúil substaintí, aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara, a bhfuiltear in ann a úsáid ar shlite an-chosúil leis na slite a úsáidtear PFOS, in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ar grúpa é ina bhfuil teorainnluach RÉNB i bhfad níos ísle. Léiríonn sé sin go bhféadfaí, go teicniúil, leibhéil níos ísle éillithe a bhaint amach leis na ceimiceáin sin sa lá atá inniu ann.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainnluachanna RÉNB le haghaidh PFOS, chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na teorainnluachanna a shonraítear le haghaidh PFOA, a shalann agus comhdhúile PFOA-ghaolmhara.

(5) Chun ailíniú iomlán a bheith ann idir na hiontrálacha maidir le PFOS agus PFOA in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ba cheart foclaíocht an chéad cholúin den iontráil maidir le PFOS a mhodhnú trí 'Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (PFOS), a shalainn agus a chomhdhúile PFOS-ghaolmhara' a chur in ionad 'Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh (PFOS)'.

(6) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 áirítear díolúine maidir le húsáid PFOS mar shochtach ceo le haghaidh plátáil cróimiam chrua neamh-mhaisiúil (VI). Deimhnítear leis an bhfaisnéis a bailíodh ar leibhéal na mBallstát maidir leis na substaintí a úsáidtear mar shochtaigh cheo i bplátáil cróimiam chrua gur cuireadh PFOS in ionad na húsáide sin san Aontas. Dá bhrí sin, níl gá leis an díolúine shonrach sin a thuilleadh agus ba cheart í a scriosadh.

(7) San iontráil maidir le PFOS in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, i bpointe 5 de, tagraítear d'infhaighteacht modhanna anailíse. Ós rud é nach sonraítear na mionsonraí sin in aon iontráil eile sa Rialachán maidir le POPanna, ba cheart pointe 5 a scriosadh.

(8) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach a thabhairt do na páirtithe leasmhara chun na bearta is gá a dhéanamh chun gnéithe den Rialachán seo a chomhlíonadh agus do na Ballstáit chun na bearta is gá a dhéanamh chun iad a chur chun feidhme.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir,

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj.
([2]) IO L 209, 31.7.2006, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2006/507/oj.
([3]) IO L 81, 19.3.2004, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2004/259/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí 2 agus 3 den Iarscríbhinn ón 3 Nollaig 2025 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, Cuid A, sa tábla, leasaítear an iontráil 'Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh (PFOS)' mar a leanas:

(1) sa chéad cholún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

'Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (PFOS), a shalainn agus a chomhdhúile PFOS-ghaolmhara

$C_8F_{17}SO_2X$

(X = OH, Salann miotail ($O\text{-}M^+$), hailíd, aimíd, agus díorthaigh eile lena n-áirítear polaiméirí)';

(2) sa cheathrú colún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

'1. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir le leibhéil tiúchana PFOS nó le leibhéil tiúchana a shalann atá cothrom le atá cothrom le, nó faoi bhun, 0,025 mg/kg (0,0000025 % de réir meáchain) i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin nó earraí';

(3) sa cheathrú colún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

'2. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le suim na leibhéal tiúchana de na comhdhúile PFOS-ghaolmhara go léir atá cothrom le, nó faoi bhun, 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin nó earraí.';

(4) sa cheathrú colún, scriostar pointe 4;

(5) sa cheathrú colún, scriostar pointe 5.